2025/65

14.1.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/65 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha faoina gcuirtear isteach Doiciméad Coiteann um Shláinte ar Theacht isteach san Aontas ar leith le haghaidh coinsíneachtaí a aistrítear ó phost rialaithe teorann go pointe rialaithe ina ndéanfar seiceálacha céannachta agus fisiceacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 53(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2017/625, bunaítear an creat le haghaidh rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile chun a fhíorú go bhfuil reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia á comhlíonadh. Sa chreat sin, tá rialuithe oifigiúla a dhéantar ar ainmhithe agus ar earraí a thagann isteach san Aontas ó thríú tíortha.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos rialacha maidir leis na cásanna ina bhféadfar seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha a dhéanamh ag pointe rialaithe seachas an post rialaithe teorainn ar choinsíneachtaí áirithe dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (a), den Rialachán sin, agus maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfar na seiceálacha sin a dhéanamh.

(3) Foráiltear le hAirteagal 2(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 go dtabharfaidh an t-oibreoir fógra d'údaráis inniúla an phointe rialaithe ina bhfuil seiceálacha céannachta agus fisiceacha le déanamh faoi am teachta measta na coinsíneachta agus faoin modh iompair trí Dhoiciméad Coiteann um Shláinte ar Theacht isteach san Aontas ar leith a chomhlánú agus a chur isteach sa chóras bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla.

(4) Chun inrianaitheacht leordhóthanach na coinsíneachta arna haistriú chuig pointe rialaithe seachas an post rialaithe teorann a áirithiú agus chun gur féidir na húdaráis ábhartha a chur ar an eolas faoi thoradh na rialuithe oifigiúla agus faoi aon chinneadh maidir leis an gcoinsíneacht sin, ba cheart a cheangal ar oibreoirí an dá Dhoiciméad Choiteanna um Shláinte ar Theacht isteach san Aontas a nascadh.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir leis na cásanna ina bhféadfar seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar tháirgí áirithe a dhéanamh ag lárionaid rialaithe agus na cásanna ina bhféadfar seiceálacha doiciméadacha a dhéanamh i gcéin ó phoist rialaithe teorann, agus na coinníollacha faoina bhféadfar na seiceálacha sin a dhéanamh (IO L 321, 12.12.2019, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/2123/oj).

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123

In Airteagal 2(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2019/2123, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) sula bhfágann an choinsíneacht an post rialaithe teorann, tá fógra tugtha ag an oibreoir d’údaráis inniúla an phointe rialaithe ina bhfuil seiceálacha céannachta agus fisiceacha le déanamh faoi am teachta measta na coinsíneachta agus an modh iompair trí Dhoiciméad Coiteann um Shláinte ar Theacht isteach san Aontas ar leith le haghaidh na coinsíneachta sin a chomhlánú agus a chur isteach sa chóras bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla, agus tríd an Doiciméad Coiteann um Shláinte ar Theacht isteach san Aontas ar leith a nascadh leis an Doiciméad Coiteann um Shláinte ar Theacht isteach san Aontas dá dtagraítear i bpointe (a);’.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN